Filíocht Ainmnithe

Jack

Freagair (i) **agus** (ii) anseo thíos.

(i) Maidir leis an dán, **Jack**, déantar léiriú cumasach ar chuimhní an fhile i leith samhraidh speisialta amháin. É sin a phlé.

(ii) Déan trácht **gairid** ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file, dar leat, as do rogha **dhá cheann** díobh seo a leanas:

suíomh; friotal; íomhánna; mothúcháin.

Freagra Samplach

(i)

Déanann an file, Máire Mhac an tSaoi, léiriú cumasach ar a cuimhní i dtaobh samhraidh a chaith sí i nGaeltacht Chorca Dhuibhne. Bhuail sí le Jack an samhradh sin agus bhí siad beirt i ngrá le chéile. Is dóigh go raibh Máire ag freastal ar choláiste samhraidh Gaeilge agus gur chuir sí aithne ar Jack le linn an tsamhraidh sin. Is iad cuimhní rómánsúla an tsamhraidh sin a mhúscail smaointe an dáin seo.
Cruthaíonn an file íomhánna difriúla chun na cuimhní sin a chur inár láthair. Is cuimhin leí an fear óg a bhí sé troithe ar airde agus gruaig fhionn air. Is maith liom íomhá na beirte agus iad ag damhsa ar urlár soimint. Feicimid an bheirt le chéile sa dara véarsa: Jack ina léine bhán agus a chuid gruaige buí faoi sholas an lampa ola. Is breá liom na tagairtí don ‘‘urlár soimint’’ agus don ‘‘lampa ar bheagán íle’’ mar cruthaíonn an file atmaisféar an ama sin. Éiríonn leis an bhfile a cuimhní i leith samhraidh speisialta amháin a chur os ár gcomhair ar bhealach an-ealaíonta.

(ii)

Suíomh:
Tá tiriúlacht ag baint le suíomh an dáin seo. Iarthar tíre atá i gceist. Cuireann an file pictiúr beoga inár láthair sa chéad véarsa. Feicimid í féin agus Ciarraíoch na gruaige finne ag damhsa ar urlár soimint. Seans maith gur istigh i dteach ceann tuí a bhí siad. Is dóigh go raibh céilí ar siúl sa teach. Cuireann an ‘‘lampa ar bheagán íle’’ le suíomh an dáin. Ní raibh leictreachas fós sna ceantair tuaithe. Lampaí ola a bhí in úsáid an uair úd.

Mothúcháin:
Sílim féin go bhfuil mothúchán na **díomá** le brath ar líne 3 den dán. Tá Máire Mhac an tSaoi den tuairim go bhfuil dearmad déanta ag Jack ar an oíche sin fadó – oíche atá fós tábhachtach di. Braithimid **grá** an fhile do Jack ar línte an dara véarsa. Mothaímid freisin an **meas** a bhí ag Máire ar Jack ar línte an tríú véarsa. Fear neamhspléach aerach ab ea Jack, dar leis an bhfile.

Ní dóigh liom go bhfuil an **grá éagmaise** i gceist sa dán seo mar guíonn Máire gach ádh is sonas ar Jack sa véarsa deiridh. Braithimid arís **grá**, **meas** agus **buíochas** an fhile ar línte deiridh an dáin. Tá sí buíoch gur bhuail sí le Jack an samhradh áirithe sin in iarthar Chiarraí.